Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

26 Deireadh Fómhair 2020

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2020/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le coigeartú an réamh-mhaoinithe bhliantúil i gcomhair na mblianta 2021 go 2023** 1

★ **Rialachán (AE) 2020/1543 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta saortha** 3

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2020/1544. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh san Úcráin ar bharra táirgthe síolta agus ar choibhéis síolta gránach arna dtáirgeadh san Úcráin** 5

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

★ **Cinneadh (AE) 2020/1545 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm malartaithe litreacha idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe a chur chun feidhme idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook** 7

GA

* Faoin tagairt L 356 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2020/1542 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2020

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le coigeartú an réamh-mhaoinithe bhliantúil i gcomhair na mblianta 2021 go 2023

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) leagtar síos na forálacha coiteanna agus ginearálta is infheidhme maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.

(2) Tá le tuiscint ón bhfianaise go socraítear an réamh-mhaoiniú bliantúil ag leibhéal an-ard i gcomparáid leis na ceanglais bhainistithe airgeadais a eascraíonn as cur chun feidhme na gclár oibríochtúil; is fíor sin go háirithe i gcás na mblianta buiséadacha 2021 go 2023.

(3) Chun cuid den bhrú a bhaint de leithreasuithe íocaíochta i mbuiséad an Aontais i gcomhair na mblianta buiséadacha 2021 go 2023, agus chun cur le hintuarthacht na gceanglas íocaíochta, agus ar an gcaoi sin cuidiú le breis trédhearcachta sa phleanáil bhuiséadach, agus le próifíl íocaíochta níos eagraithe, ba cheart ráta an réamh-mhaoinithe bhliantúil a laghdú i gcomhair na mblianta sin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a leasú dá réir sin,

---

([1]) IO C 159, 10.5.2019, lch. 45.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 134(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fleasc:

"— 2020: 3 %";

(b) cuirtear an fhleasc seo a leanas leis:

"— 2021 go 2023: 2 %.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
D. M. SASSOLI	M. ROTH

RIALACHÁN (AE) 2020/1543 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2020

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta saortha

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2), Airteagal 79(2) agus (4), Airteagal 82(1), Airteagal 84 agus Airteagal 87(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iarmhairtí phaindéim COVID-19 tar éis dul i bhfeidhm ar na Ballstáit ar bhealach nach bhfacthas riamh roimhe seo. Tá difear déanta ag paindéim COVID-19 don imirce, don tslándáil agus do bhainistiú teorainneacha sna Ballstáit agus, mar thoradh air sin, tá na ganntanais thromchúiseacha leachtachta ar a bhfuil aghaidh á dtabhairt ag na Ballstáit tar éis dul in olcas, ganntanais arb é is cúis leo an t-ardú tobann suntasach atá tagtha ar na hinfheistíochtaí poiblí atá ag teastáil in a lán earnálacha. Tháinig as sin staid eisceachtúil ar cheart aghaidh a thabhairt uirthi le bearta sonracha.

(2) Is gá solúbthacht bhreise a sholáthar do na Ballstáit chun é a chur ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim seo, géarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, trí chur leis an deis lánúsáid a bhaint as an tréimhse cur chun feidhme a bheidh ar fáil do chláir náisiúnta dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) go dtí go ndúnfar na cláir sin faoin 31 Nollaig 2023. Chun aghaidh a thabhairt ar ghá den sórt sin, ba cheart an spriocdháta céanna a bheith i gceist leis na spriodhátaí maidir le saoradh agus maidir le cur isteach na n-iarratas ar an iarmhéid bliantúil a íoc. Is é an 15 Feabhra den bhliain tar éis na bliana airgeadais ábhartha, dáta is féidir leis an gCoimisiún a shíneadh, ar bhonn eisceachtúil, go dtí an 1 Márta den bhliain sin, an spriocdháta rialála maidir le hiarratais ar an iarmhéid bliantúil a íoc, cé gurbh é an 31 Nollaig den dara bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh an spriocdháta a socraíodh don saoradh ar dtús. Tríd an spriocdháta maidir leis an saoradh a ailíniú leis an spriocdháta ábhartha maidir le cur isteach na n-iarratas ar an iarmhéid bliantúil a íoc, beidh an Coimisiún in ann an t-iarratas ar an iarmhéid bliantúil a íoc arna chur isteach ag na Ballstáit an 15 Feabhra nó an 1 Márta, de réir mar is iomchuí, a chur san áireamh chun críche an tsaortha.

(3) Chun a áirithiú gur féidir leis na Ballstáit lánúsáid a bhaint as na leithdháiltí breise a deonaíodh in 2018 agus 2019, ba cheart an bhliain ina gcuirtear an gealltanas buiséadach i bhfeidhm a choigeartú. Cuireadh na leithdháiltí breise sin san áireamh i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na mblianta airgeadais 2018 agus 2019 agus ina dhiaidh sin gealladh iad do na cláir náisiúnta.

(4) I bhfianaise na práinne a bhaineann leis na cúinsí eisceachtúla arbh í paindéim COVID-19 ba chúis leo, meastar gurb iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ón tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE), leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2020 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2020.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime (IO L 150, 20.5.2014, lch. 112).

(5) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an leas is fearr a bhaint as an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus an Ciste Slándála Inmheánaí, a bunaíodh le Rialacháin (AE) Uimh. 513/2014 ([4]) agus (AE) Uimh. 515/2014 ([5]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí díreacha agus indíreacha a eascraíonn as an ngéarchéim sláinte poiblí i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, géarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta arna beartú, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 a leasú dá réir.

(7) Chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do na Ballstáit maidir leis an spriocdháta maidir leis an saoradh, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Cuirfear nós imeachta saortha i bhfeidhm ar chláir náisiúnta, nós imeachta atá bunaithe ar an mbonn, más rud é, faoin 15 Feabhra nó, i gcás ina ndéanann an Coimisiún an spriocdháta maidir le cur isteach an iarratais ar íocaíocht a shíneadh i gcomhréir le hAirteagal 44(1), faoin 1 Márta den bhliain tar éis an dara bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh, nach bhfuil méideanna atá nasctha le gealltanas cumhdaithe leis an réamh-mhaoiniú tosaigh agus bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 35 agus le hiarratas ar íocaíocht arna chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 44(1), go saorfar na méideanna sin. Chun críoch an tsaortha, déanfaidh an Coimisiún an méid a ríomh tríd an séú cuid den ghealltanas buiséadach bliantúil a bhaineann le ranníocaíocht mhéid iomlán 2014 a chur le gach ceann de na gealltanais bhuiséadacha le haghaidh na mblianta 2015-2020.

Maidir le méideanna a chomhfhreagraíonn do na leithdháiltí breise a sannadh do na cláir náisiúnta in 2018, cuirfear an gealltanas buiséadach i bhfeidhm in 2019. Maidir le méideanna a chomhfhreagraíonn do na leithdháiltí breise a sannadh do na cláir náisiúnta sa bhliain 2019, cuirfear an gealltanas buiséadach i bhfeidhm in 2020.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
D. M. SASSOLI	M. ROTH

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, lena leasaítear Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 573/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 168).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 513/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac agus do bhainistíocht géarchéime agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/125/CGB ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 93).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 574/2007/CE (IO L 150, 20.5.2014, lch. 143).

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2020/1544. Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2020

lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh san Úcráin ar bharra táirgthe síolta agus ar choibhéis síolta gránach arna dtáirgeadh san Úcráin

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Cinneadh 2003/17/CE ([3]) ón gComhairle go ndéanfar, faoi imthosca áirithe, cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh ar bharra áirithe táirgthe síolta sna tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh sin a mheas mar chigireachtaí is coibhéiseach leo siúd arna ndéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais agus go ndéanfar, faoi imthosca áirithe, an síol arna tháirgeadh ag speicis áirithe ghránach, arna tháirgeadh sna tríú tíortha sin, a mheas mar shíol is coibhéiseach le síol arna tháirgeadh i gcomhréir le dlí an Aontais.

(2) Chuir an Úcráin iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun go ndeonófaí coibhéis dá córas cigireachtaí allamuigh ar bharra táirgthe síolta gránach agus ar shíolta gránach arna dtáirgeadh agus arna ndeimhniú san Úcráin.

(3) Scrúdaigh an Coimisiún reachtaíocht ábhartha na hÚcráine agus, ar bhonn iniúchadh a rinneadh in 2015 ar chóras na rialuithe oifigiúla agus an deimhnithe ar shíolta gránach san Úcráin, agus ar choibhéis na reachtaíochta sin le ceanglais an Aontais, d'fhoilsigh sé a chuid torthaí i dtuarascáil dar teideal "An tuarascáil chríochnaitheach maidir le hiniúchadh a rinneadh san Úcráin idir 26 Bealtaine 2015 agus 4 Meitheamh 2015 d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar chóras na rialuithe oifigiúla agus an deimhnithe ar shíolta gránach, mar aon lena gcoibhéis le ceanglais an Aontais Eorpaigh".

(4) Tar éis an iniúchta sin, thángthas ar an dtátal go ndéantar cigireachtaí allamuigh ar bharra táirgthe síolta, mar aon le sampláil, tástáil agus iar-rialuithe oifigiúla ar shíol gránach go hiomchuí, agus go sásaíonn an méid sin na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2003/17/CE mar aon leis na ceanglais faoi seach a leagtar amach i dTreoir 66/402/CEE ón gComhairle ([4]). Anuas air sin, thángthas ar an dtátal go bhfuil na húdaráis náisiúnta atá freagrach as deimhniú síolta a chur chun feidhme san Úcráin inniúil agus ag cuí-fheidhmiú.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí coibhéis a dheonú a mhéid a bhaineann le cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i ndáil le barra táirgthe síolta gránach san Úcráin, agus i ndáil le síol gránach arna tháirgeadh san Úcráin agus arna dheimhniú go hoifigiúil ag a cuid údarás.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2003/17/CE a leasú dá réir sin,

([1]) Tuairim an 18 Meán Fómhair 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2020.

([3]) Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i dtríú tíortha ar bharra táirgthe síolta agus maidir le coibhéis síolta arna dtáirgeadh i dtríú tíortha (IO L 8, 14.1.2003, lch. 10).

([4]) Treoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol gránach farae a mhargú (IO 125, 11.7.1966, lch. 2309).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh 2003/17/CE

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2003/17/CE mar a leanas:

(a) cuirtear an tsraith seo a leanas idir "TR" agus "US" sa tábla:

"UA	Aireacht Beartais Talúntais agus Bia na hÚcráine Khreshchatyk str., 24, 01001, KYIV	66/402/EEC";

(b) san fhonóta a ghabhann leis an tábla, cuirtear na téarmaí seo a leanas isteach idir "TR — an Tuirc" agus "US — Stáit Aontaithe Mheiriceá":

"UA – an Úcráin,".

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
D. M. SASSOLI	M. ROTH

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2020/1545 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Deireadh Fómhair 2020

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm malartaithe litreacha idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe a chur chun feidhme idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i dteannta Airteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas agus Rialtas Oileáin Cook ([1]) ("an Comhaontú"), arna fhormheas le Cinneadh (AE) 2017/418 ón gComhairle ([2]), tháinig sé i bhfeidhm an 10 Bealtaine 2017. Tá an Prótacal maidir leis an gComhaontú ([3]) a chur chun feidhme ("an Prótacal") á chur i bhfeidhm ón 14 Deireadh Fómhair 2016 ([4]), ar feadh tréimhse ceithre bliana.

(2) Tá an Prótacal le dul in éag an 13 Deireadh Fómhair 2020.

(3) An 7 Iúil 2020, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Rialtas Oileáin Cook chun Prótacal nua a thabhairt i gcrích chun an Comhaontú a chur chun feidhme.

(4) Go dtí go mbeidh an chaibidlíocht maidir le hathnuachan an Phrótacail curtha i gcrích, rinne an Coimisiún Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha a chaibidil, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe a chur chun feidhme ("Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha") maidir le síneadh go ceann uasteorainn bliana a chur leis an bPrótacal. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil agus cuireadh inisealacha leis an malartú litreacha an 29 Iúil 2020.

(5) Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha é a chur ar a gcumas don Aontas agus do Rialtas Oileáin Cook leanúint de chomhoibriú le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe agus, saothrú fónta na n-acmhainní iascaigh in uiscí Oileáin Cook a dhéanamh a chur chun cinn, agus ligean do shoithí an Aontais gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sna huiscí sin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(7) Chun leanúnachas na gníomhaíochta iascaigh a dhéanann soithí an Aontais in uiscí Oileáin Cook a áirithiú, ba cheart an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go mbeidh na nósanna imeachta dá theacht i bhfeidhm curtha i gcrích,

([1]) IO L 131, 20.5.2016, lch. 3.

([2]) Cinneadh (AE) 2017/418 ón gComhairle an 28 Feabhra 2017 maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook, agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis, a thabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 64, 10.3.2017, lch. 1).

([3]) Prótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a chur chun feidhme (IO L 131, 20.5.2016, lch. 10)

([4]) IO L 289, 25.10.2016, lch. 1.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm malartaithe litreacha idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe a chur chun feidhme idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook faoi réir an Chomhaontaithe ([5]) i bhfoirm malartaithe litreacha sin a thabhairt i gcrích.

Airteagal 2

Údaraítear leis seo d'Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a chumhachtaítear an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Cuirfear an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha i bhfeidhm go sealadach, i gcomhréir le mír 6 de, amhail ón 14 Deireadh Fómhair 2020 nó aon dáta ina dhiaidh sin ón lá a shíneofar é ([6]), go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 19 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. KLOECKNER

([5]) Níl ann do théacs na hIarscríbhinne sa Ghaeilge.
([6]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta ar uaidh a chuirfear an Comhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha i bhfeidhm go sealadach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA